

Rugadh teine i dteach Meadbha

[McKenna, L.: *Aithdiogluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 7]

Tuathal Ó hUiginn cct.

1 Rugadh teine i dteach Meadbha;  
do chách is cúis soimheanma  
nó gur bhuing re teagh Teamhra  
teagh Cuinn fheadh a oileamhna.

2 Ráith Chruachan rer cuireadh druim  
sa tigh do thogaibh pubuill  
cuma d'fhior oileamhna Cuinn  
coimhiomdha agus cion chugainn.

3 Mac í Chonchobhair ciabh nocth  
ar feis Cruachna do-chonnorc,  
na túisigh ag teacht dá phort  
ag teacht tar cúisibh Connacht.

4 Go rug Brian ar bhruighin Sainbh  
sa mbrugh do bás dá thoghairm;  
tugadh mionna ar muin an Chairn  
do ghiolla ar a fhail fhearaínn.

5 Sgéal ar onchoin Átha Truim  
ráith Breagh do bheith i ndoghraig;  
ná maoidh Brian ar Cruachain Cuinn  
is fiadh Tuathail 'n-a [thoghraim].

6 Fonn dúthaigh Duach Galaigh  
a-tá ag togra a chomhthabhaigh;  
ní róigh tar tráth a tabhaigh  
le cách cóir í Chonchabhair.

7 Maicne Cathail an chruibh dhuinn  
éirghid leis an lá as doghraing  
ar shín do chúisibh í Chuinn  
rígh is túisigh 'n-a dtoghraim.

8 Fa Mhagh Fáil ná fuilngeadh guth  
ó tá ar breith dá bharr chlannach;  
an Bhanbha do bhiadh 'n-a chruth  
a labhra do Bhrian Ballach.

9 Go ráith Teamhra treall eile  
rachaíd - créad fa gceilfeidhe?

ní fhuil cró na ríogh reimhe  
dó acht 'n-a dhíol deirbhfine.

10 Gach duine dhó ag dul fa chuing  
críoch Dá Thí 'n-a tír chomhruinn,  
do-bheir troma ceann í Chuinn  
nach orra fear a bhfuluing.

11 Éire ní haige as saoire,  
ní ghabh comtha a chéaddaoine,  
budh mó [a] chách cion Ó gCraoidhe;  
ní tráth d'fhior a éagcaoine.

12 Do chinn an cíossa bunaídhe  
Brian ga buain a horchradhaibh;  
ní cíos a-mháin ar Mumhain  
bhíos acht cáin í Chonchubhair.

13 Gach tuath - is tuar deaghshóigh -  
a-tá ag togra a gléimheadhóin;  
do luigh ar Mumhain Meadhóin  
Ulaidh is d'fhuil Éireamhóin.

14 Ar [gcomhrádh] re chéibh sgathaigh  
ní fuair fear a chronachaídhe  
lámh re Magh Maoin a-machain  
daoibh is tar cladh Chonachaídhe.

15 Re mór Cruachna cuirfe druim  
do chaitheamh Cúigidh Geanuinn;  
fagháil do chaithimh [a] í Chuinn  
anáir le flaithibh fearuinn.

16 Gach neach ag buain re bhunadh  
ráith Airt is í rangabhar,  
teaghlaich ban agus brughadh,  
go magh Teamhrach tángubhar.

17 Caithir Teamhra a-tá ar do chuid,  
sluagh Laighean is leat ghabhaidh,  
fir Midhe bhus daoine dhuid,  
fine Craoidhe do charuid.

18 Géabha le guth an chadhain  
d'aisdear oidhche is d'iorghalaibh;  
do-chuaidh síos leis an Samhain  
an uaill bhíos id bhiodhbhadhaibh.

19 Sluagh Danar an dann ruagfa

[tuirmhir] uait as ionruagtha  
do sdéad mear ag cur cuarta  
go bun fhear an ionruagtha.

20 Don inghinsin Inse Fáil  
ní duid as déanta andáigh,  
do-ghéabha ó mhnaoi do na mnáibh  
na sgéala do bhaoi ag bandáil.

21 Ní bhí re aithris uaibhse  
go dtaidhle ar thaom n-anuaisle;  
[mó] re mbean olc ná uaisle  
rer fhear ort don anuainse.

22 [Crábhadh] as a dtig éara  
rer n-ucht ní headh thoigéabha;  
an gealladh bras do-bhéara  
ní seangadh as fhoibéara.

23 An luach áirmhe is annsa libh,  
séad id bhrugh ní bhí i dtaisgidh,  
gan acht tabhair do rádh ribh  
lámh 'n-a aghaidh le haisgidh.

24 Gnúis Briain do bhí [dá] galaibh  
ní do chách [go gcomhthobhaigh];  
léim ag an fhuil 'n-a aghaidh  
do bhéin cruidh d'Ú Chonchabhair.

25 Mac Aodha nar iongaibh séad  
rug a eineach a n-ainmhéad;  
fosdadh a fhéile ní fhéad  
tar brosdadh méine Mairgréag.

26 An tráth fhiuchaid an dá fhuil  
- díol gach fhir is hí a ríaghail -  
saoilid gura ceannach cruidh  
do dhaoinibh eallach d'iarraidh.

27 Ar shíol Cais do chuir maide  
's a éara is é as ghusfhaide;  
nocho bí an éara aige,  
ní ghéabha hí - is usaide.

28 Mac Aodha ucht re lannaibh  
fear isa clú do chosnamair;  
ar lucht comhóil Briain Ballaigh  
biaidh onóir go horsannaibh.

29 [Uaidh] coimhdhe clú trí nimhe  
éigne innbhir Gáiridhe;  
mall a glór i n-am eile  
's is mall gun ól d'áirimhe.

30 Nocha fagha a bhfuil fa thuinn,  
a-tá sé ar seachnadh chumuinn,  
ní leanta ar ceannach Ó Chuinn,  
ní reacfa ar eallach urruim.

31 An cogadh a cheard bunaidh;  
ní thréig sé ar a sorthanaibh  
is mór nach binn le brughaidh  
do ghlór chinn Ó gConchubhair.

32 Rí Connacht as cian miodhól  
éirghe a-mach ga mhéinneashlógh  
mun mBriansa ní bhí a thionól  
go dtí iarsma Ériomhónin.

33 Mac mic Fhéidhlim as ard sdair  
ó mbí an Fhódla 'n-a híornaibh  
síol Craoidhe ní fhionnad air  
iomad a dhaoine ndíolmhain.

34 Oidhre díleas Duach Galaigh  
ní bhí d'fheidhm ar orcharaibh;  
sgíath Bhriain Ballaigh 'n-a [bhlagháibh]  
biaidh re gclannaibh Conchabhair.

35 Ráith Úghoine - ard a chuing -  
an grás is é do fhursaing;  
téid as-teach i dTeamhraigh Cuinn  
ceanglaidh a each dá hursaínn.

36 Ar seilg Banbha bíd Ultaigh,  
ar a tí a-táid Connacthaigh,  
cia ga mbiadh Éire i n-Ultaibh  
Brian a chéile i gConnacthaibh.

37 Sé féin go bhfaghba uile  
ceannas críche ar mionnaíne  
rí Cliach an cóigeadh duine  
cóigear fa iath nÚghoine.

38 Mac Aodha an [bhéarla bhodhair]  
cáin Fhódla 'n-a urchomhair;  
[nír aithin] ar fhearr thobhaigh  
[maithimh] chean í Chonchobhair.

39 Drúcht inshíl an fhóid iodhain  
[ó] mbí is thír do thuileadháibh  
leigheas duine i ndiaidh shiobhail  
i gcriaidh muighe Muiriodhaigh.

40 Brian mac Mairgréige is maith rug  
cuairt Midhe - móide an formud;  
ar son Átha Thruim ní thug  
ná rátha Cuinn acht comhrug.

41 Rugadh breath le chéibh gclodhaigh  
nach bí locht 'n-a leanomhain  
aithnígh mór . . . . .  
. . . . . a hór ar ealodhain.

42 Inghean Méig Raghnuill rosg glan  
re ní do thabhairt tugadh;  
bean as ceann don bhéinne ban  
gheall a réidhe ní rugadh. Rugadh.